**Parlaimint na hEorpa,**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0064/2022**

25.3.2022

# TUARASCÁIL

ar an mbeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2021
(2021/2185(INI))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Andreas Schwab

PR_INI

# CLÁR

**Leathanach**


TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA..........................................................................................................22

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................32

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ..33

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an mbeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2021**
**(2021/2185(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 101 go 109 de,

– ag féachaint do na rialacha, treoirlínte, rúin, comhairliúcháin phoiblí, teachtaireachtaí agus doiciméid ábhartha ón gCoimisiún maidir leis an iomaíocht,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 7 Iúil 2021 maidir le Beartas Iomaíochta 2020 (COM(2021)0373) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a foilsíodh an dáta céanna mar dhoiciméad tacaíochta (SWD(2021)0177),

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 ar an mbeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2020[1],

– ag féachaint do Thuairim (ECON-VII/015) ó Choiste na Réigiún ar an tuarascáil ón gCoimisiún an 7 Iúil 2021 maidir le beartas iomaíochta 2020 (COM(2021)0373),

– ag féachaint d’obair leantach an Choimisiúin maidir le ó rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2020 ar an mbeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2019[2],

– ag féachaint do theachtaireachtaí ón gCoimisiún an 19 Márta 2020, an 3 Aibreán 2020, an 8 Bealtaine 2020, an 29 Meitheamh 2020, an 13 Deireadh Fómhair 2020, an 28 Eanáir 2021 agus an 18 Samhain 2021 maidir le creat sealadach um bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19 (C(2021)8442),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach (COM(2021)0223),

– ag féachaint do chéad tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún an 23 Samhain 2021 maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh[3],

– ag féachaint don phacáiste rialála lena n-áirítear tograí ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2020 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---

[1] IO C 67, 8.2.2022, lch. 2.
[2] IO C 362, 8.9.2021, lch. 22.
[3] Tuarascáil ón gCoimisiún an 23 Samhain 2021 dar teideal *First Annual Report on the screening of foreign direct investments into the Union* [Céad Tuarascáil Bhliantúil maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh] (COM(2021)0714).

maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) (COM(2020)0825) agus maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha) (COM(2020)0842),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú[4],

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 12 Iúil 2021 maidir leis an meastóireacht ar fhógra ón gCoimisiún an 9 Nollaig 1997 maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Chomhphobail (SWD(2021)0199),

– ag féachaint don staidéar tacaíochta a ghabhann leis an meastóireacht ar fhógra ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Chomhphobail, a choimisiúnaigh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (AS COMP) de chuid an Choimisiúin agus a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021[5],

– ag féachaint don tuarascáil ó na comhairleoirí speisialta dar teideal *Competition policy for the digital era* [Beartas iomaíochta don ré dhigiteach] a choimisiúnaigh AS COMP agus a foilsíodh in 2019[6],

– ag féachaint don tuarascáil dar teideal *Consumer vulnerability across key markets in the European Union* [Leochaileacht tomhaltóirí thar phríomh-mhargaí an Aontais Eorpaigh], a cuireadh le chéile d'Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí an Choimisiúin[7] agus a foilsíodh in 2016,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 maidir le beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua (COM(2021)0713) agus don iarscríbhinn a ghabhann léi,

– ag féachaint do theachtaireacht agus treochlár ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')[8],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 i ndáil leis na

[4] IO L 11, 14.1.2019, lch. 3.
[5] https://ec.europa.eu/competition-policy/system/files/2021-06/kd0221712enn_market_definition_notice_2021_1.pdf
[6] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, Montjoye, Y., Schweitzer, H., Crémer, J., *Competition policy for the digital era* [Beartas iomaíochta don ré dhigiteach], Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2763/407537.
[7] An Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia, 'Leochaileacht tomhaltóirí thar phríomh-mhargaí an Aontais Eorpaigh: tuarascáil deiridh', Oifig na bhFoilseachán, 2016, https://data.europa.eu/doi/10.2818/056024.
[8] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022[9],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2021 i ndáil leis na treoirlínte maidir le státchabhair chun infheistíochtaí um maoiniú riosca a chur chun cinn[10],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 maidir leis na treoirlínte um chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair (C(2021)8838),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip] (COM(2020)0102), agus do theachtaireacht uaidh an 5 Bealtaine 2021 lena ndéantar an straitéis sin a nuashonrú (COM(2021)0350),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1237 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh[11],

– ag féachaint do theachtaireacht an 21 Nollaig 2021 chuig an gCoimisiún maidir le formheas ábhar an dréachta le haghaidh teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022 (C(2021)9817),

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 ar na treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, an fhuinnimh agus an chomhshaoil (CEEAG)[12],

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 24/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal *The Commission's EU merger control and antitrust proceedings: a need to scale up market oversight* [Imeachtaí an Choimisiúin um rialú cumasc agus in aghaidh trustaí in AE: an gá atá le huas-scálú ar mhaoirseacht margaidh],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 dar teideal *Guidance on the application of the referral mechanism set out in Article 22 of the Merger Regulation to certain categories of cases* [Treoir faoin sásra tarchuir a leagtar amach in Airteagal 22 den Rialachán maidir le Cumaisc a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí áirithe cásanna] (C(2021)1959),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Iúil 2021 maidir le formheas ábhar an dréachta le haghaidh rialachán ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe (C(2021)5026) agus an iarscríbhinn a ghabhann léi, agus don iarscríbhinn a ghabhann le teachtaireacht ón

[9] IO C 80, 18.2.2022, lch. 1.
[10] IO C 508, 16.12.2021, lch. 1.
[11] IO L 270, 29.7.2021, lch. 39.
[12] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0441.

gCoimisiún an 9 Iúil 2021 maidir le fógra an Choimisiúin i ndáil le treoirlínte maidir le srianta ingearacha (C(2021)5038),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (COM(2021)0564),

– ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0064/2022),

A. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag beartas iomaíochta AE – go háirithe tráth na héiginnteachta agus an dá chlaochlú – maidir le hiomaíocht éifeachtach a áirithiú chun nuálaíocht, cruthú post, fás, iomaíochas agus fiontraíocht a spreagadh, dálaí cothroma eacnamaíocha a shocrú, go háirithe trí nuálaíocht a spreagadh a chuidíonn le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt, rud ar féidir leis cuidiú linn níos mó a dhéanamh dá réir sin, agus níos lú dochair a dhéanamh don chomhshaol ag an am céanna, agus leithdháileadh éifeachtach acmhainní a chur chun cinn, rogha níos fearr agus praghsanna cothroma a chur ar fáil do thomhaltóirí, agus athléimneacht an mhargaidh aonair a chothú;

B. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm le beartas iomaíochta an Aontais a áirithiú go gcosnófar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach; de bhrí go bhfuil tionchar doshéanta ag an mbeartas iomaíochta ar leasanna eacnamaíocha sonracha na n-úsáideoirí deiridh a cheannaíonn earraí nó seirbhísí;

C. de bhrí go ndeachaigh an Coimisiún i ngleic le ráig ghéarchéim COVID-19 gan mhoill trí rialacha speisialta iomaíochta a ghlacadh, ar rialacha iad ar cheart dóibh a bheith sealadach i gcónaí;

D. de bhrí nach mór go ndéanfaí gnólachtaí a spreagadh le beartas iomaíochta chun infheistíocht a dhéanamh agus chun úsáid a bhaint as bonneagar agus uirlisí digiteacha atá níos forbartha (e.g. néalteicneolaíocht, micreaphróiseálaithe agus intleacht shaorga) agus as teicneolaíochtaí monaraíochta a dhéanann níos lú truaillithe agus atá níos éifeachtúla;

E. de bhrí go bhfuil gá ag an gCoimisiún le tacar iomchuí agus éifeachtach ionstraimí, modhanna agus uirlisí chun forfheidhmiú dian beartais iomaíochta a áirithiú agus chun rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú agus chun a gcur chun feidhme aonfhoirmeach a áirithiú i gceart, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le príomhthosaíochtaí beartais; de bhrí gur gá don Choimisiún gníomhú ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil chun creidiúnacht bheartas iomaíochta AE a chaomhnú;

F. de bhrí go bhfuil creat rialála iomchuí don bheartas iomaíochta riachtanach chun

margadh AE ina iomláine a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí idirnáisiúnta agus d'infheisteoirí ar mian leo oibriú in AE, chomh maith le bonn monaraíochta AE níos láidre a chothú agus poist a chruthú san Aontas;

G. de bhrí go bhfuil ríthábhacht le neamhspleáchas polaitiúil na n-údarás náisiúnta iomaíochta chun neamhchlaontacht agus creidiúnacht an bheartais iomaíochta a áirithiú;

H. de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach rialacha iomaíochta an Aontais agus a chuid beartas maidir le tionsclaíocht agus le trádáil idirnáisiúnta a thabhairt chun réitigh ar bhealach cothrom chun gníomhaíochtaí de chuid an tslabhra luacha a chur ar bun sa bhaile an athuair agus chun iomaíochas domhanda a threisiú;

I. de bhrí go bhfuil margaí digiteacha ag éirí níos comhchruinnithe agus go bhfuil seans ann go léireofaí leo leibhéil infheistíochta níos ísle sa nuálaíocht agus suaitheadh foriomlán mar thoradh ar dhinimic an mhargaidh a bheith ag dul in olcas agus ar chumhacht mhéadaithe an mhargaidh;

J. de bhrí go bhfuil leibhéil arda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe san Eoraip tagtha ar phraghsanna tráchtearraí fuinnimh, agus go raibh praghsanna gáis 400 % níos costasaí i bhfómhar 2021 ná in earrach na bliana céanna, i ngeall, *inter alia*, ar an easpa iomaíochta domhanda i margadh an tsoláthair gáis;

K. de bhrí gur cheart go mbeadh beartas iomaíochta AE oiriúnach don dá aistriú inbhuanaithe;

L. de bhrí go bhfuil malartú agus comhar idirnáisiúnta bunriachtanach chun cothrom iomaíochta domhanda agus iomaíoch a bhaint amach; de bhrí nach mór beartas iomaíochta AE a bheith ina cholún atá mar bhuntaca do shláine agus d'athléimneacht an mhargaidh aonair, agus ag an am céanna go gcuideoidh sé le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, go háirithe tríd an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a éascú ar bhealach comhordaithe;

M. de bhrí go bhfuil comhar idirnáisiúnta agus ionstraimí nua amhail an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha bunriachtanach chun a áirithiú go ndídhreasaítear tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad ó ghnóthais atá gníomhach san Aontas a fhóirdheonú ar bhonn saofa, i gcomhréir le rialacha an mhargaidh aonair a thoirmeascann cleachtais den sórt sin ar pháirt na mBallstát agus ghnólachtaí AE; de bhrí gur cheart do AE beartais agus cleachtais na dtíortha agus na n-eintiteas nach tíortha ná eintitis den Aontas Eorpach iad a urramú agus dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu ina leith sin;

N. de bhrí go bhfuil gá le comhordú feabhsaithe idir spriocanna beartais an Aontais faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais agus faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras ar thaobh amháin agus rialacha iomaíochta ar an taobh eile;

***Breithnithe ginearálta***

1. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá na dúshláin a eascraíonn as paindéim COVID-19 a chur san áireamh go leormhaith agus gur cheart gurb é a bheadh sa treoirphrionsabal ná bearta sonracha tacaíochta a chéimniú amach go réasúnta ar bhealach forásach agus

comhréireach, agus comhlíonadh iomlán rialacha iomaíochta AE á n-áirithiú ag an am céanna lena gcosnaítear cothrom iomaíochta agus iomaíochas ár gcuideachtaí, go háirithe maidir le riachtanais thionsclaíocha AE; á chur i bhfios gur cheart, de réir mar a rachaidh an téarnamh eacnamaíoch ar aghaidh, go n-éireodh bearta tacaíochta níos sonraí de réir a chéile, sula ndéanfar iad a chéimniú amach go hiomlán ar deireadh; ag cur béim ar an ngá atá ann éifeachtaí aille a sheachaint agus cosc a chur ar théarnamh neamhshiméadrach agus ar an mbaol go mbeadh níos mó dibhéirseachta laistigh den mhargadh aonair;

2. á thabhairt chun suntais go bhfuil beartas iomaíochta arb é is aidhm dó cothrom iomaíochta a áirithiú i ngach earnáil, agus ar an gcaoi sin nuálaíocht agus ardchaighdeán a spreagadh, agus níos mó roghanna a thabhairt do thomhaltóirí ríthábhachtach chun feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a ráthú; ag tarraingt aird ar na cleachtais dhíobhálacha a eascraíonn as beartais maidir le praghas miondíola molta, a bhaineann an bonn den mhargadh inmheánach agus den iomaíocht idir cuideachtaí;

3. ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart do AE a bheith ag brath go rómhór ar shlabhraí soláthair domhanda, go háirithe sna hearnálacha a shainaithnítear a bheith tábhachtach le haghaidh neamhspleáchas straitéiseach agus le haghaidh geilleagar athléimneach agus inbhuanaithe, ar slabhraí iad a léiríodh le linn na paindéime a bheith leochaileach;

4. ag cur sonrú i gcomhairliúchán an Choimisiúin maidir leis na treoirlínte um chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta AE maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair; á iarraidh ar an gCoimisiún gach oibrí aonair féinfhostaithe a áireamh sna treoirlínte, ar líne agus as líne araon;

5. á mheas go laghdaítear corrlaigh bhrabúis agus leibhéil praghsanna le hiomaíocht mhéadaithe sa mhargadh táirgí, agus ar an gcaoi sin go rannchuidíonn sé leis an mboilsciú a mhaolú;

6. á iarraidh go bhforbrófaí córas éifeachtach ionstraimí rialála agus forfheidhmiúcháin atá dea-oiriúnaithe agus comhlántach chun an t-aistriú digiteach agus glas a éascú, mar aon le forbairt thionsclaíoch agus cóineasú lena gcuirfí fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cruthú post chun cinn in AE; á chur in iúl nach mór an dá aistriú a bheith ina bpróiseas cruthaithe post agus ina ndeis do ghnólachtaí AE buntáiste iomaíoch a fháil i gcur chun feidhme an aistrithe, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoi iomaíochas AE; ag tarraingt aird ar an Dlí Aeráide Eorpach, nach féidir a chuspóirí a bhaint amach i ndáiríre ach trí infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí;

7. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil cuntas teiste ag beartas iomaíochta AE a bheith éifeachtach trí fhreagairt d'fhorbairtí nua sa mhargadh; á iarraidh go mbeadh beartas láidir agus éifeachtach iomaíochta ann agus go ndéanfaí é a fhorfheidhmiú, ionas go mbeidh geilleagar AE in ann an bealach chun téarnaimh a leanúint agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe agus cuimsitheach, go sóisialta agus go críochach; á thabhairt chun suntais nach mór a áirithiú, le haon oiriúnuithe, go leanfar den nuálaíocht a spreagadh i mbeartas iomaíochta AE i ndáil leis an dá aistriú, go gcothófar athléimneacht an mhargaidh aonair agus go gcaomhnófar geilleagar sóisialta margaidh atá an-iomaíoch, agus go n-áiritheofar ag an am céanna go mbainfidh custaiméirí tairbhe as praghsanna córa;

8. á thabhairt chun suntais gurb iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) cnámh droma gheilleagar na hEorpa, arb ionann iad agus 99.8 % de na gnólachtaí uile in AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil FBManna ríthábhachtach maidir le fás eacnamaíoch agus lánpháirtiú sóisialta in AE a áirithiú toisc go gcuireann siad go mór le cruthú post agus le breisluach; á chur in iúl gurb oth léi go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag FBManna rochtain a fháil ar mhaoiniú in ainneoin a ndeiseanna fáis;

9. á chur in iúl gur díol sásaimh di moltaí 2021 ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le neodracht iomaíoch agus á iarraidh ar an gCoimisiún neodracht iomaíoch a choinneáil i dtimpeallacht rialála an mhargaidh inmheánaigh;

10. á mheabhrú gurb ionann seirbhísí agus an earnáil gníomhaíochta eacnamaíche is mó in AE ó thaobh oll-bhreisluacha de agus go bhfuil an margadh aonair do sheirbhísí go mór taobh thiar den mhargadh aonair le haghaidh earraí; á thabhairt chun suntais gur gá aghaidh a thabhairt ar na bacainní nach bhfuil údar leo atá fós ann i ndáil le forbairt an mhargaidh aonair do sheirbhísí, lena n-áirítear trí rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú; á chur in iúl gur díol sásaimh di, sa chomhthéacs sin, an Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Rialáil Intíre ar Sheirbhísí, a ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Trádála chun an rómhaorlathas i dtrádáil seirbhísí a laghdú;

11. á mheabhrú an tuarascáil ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta in 2021 maidir le hiomaíocht, nuálaíocht agus fás cuimsitheach, ina luaitear go bhfuil iomaíocht agus fás atá dírithe ar nuálaíocht ríthábhachtach chun dlús a chur le gnóthachain táirgiúlachta agus chun tacú leis an bhfás leathan; ag tabhairt dá haire go luaitear sa tuarascáil freisin go bhféadfadh beartais chun tacú leis an nuálaíocht feabhas a chur ar an dinimiceas gnó agus cumhacht an mhargaidh a laghdú.

12. ag athdhearbhú gur gá na hionstraimí iomaíochta atá ann cheana a athbhreithniú go mion agus a chur chun feidhme go héifeachtach, agus, más iomchuí, ionstraimí nua a fhorbairt a bheidh iomchuí d'imscrúduithe sna margaí digiteacha;

13. á thabhairt chun suntais gur gá dul i ngleic go leormhaith leis na dúshláin nua trí éifeachtacht na n-imscrúduithe a mhéadú trí úsáid a bhaint as ionstraimí nua a eascraíonn as modhanna ríomhaireachtúla (e.g. mórshonraí, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim/domhainfhoghlaim) i bhforfheidhmiú beartais iomaíochta;

14. á mheas gur cheart díriú sa ghrinn-athbhreithniú ar shláine an mhargaidh aonair a chosaint, fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn ar mhaithe le tomhaltóirí agus cearta tomhaltóirí a neartú ar líne agus as líne araon; á chreidiúint, áfach, nár cheart, in imthosca ar bith, go mbeadh socruithe eisceachtúla ina ndeiseanna chun maoiniú poiblí – cibé acu maoiniú náisiúnta nó maoiniú AE – a dhíriú ar chuideachtaí a chaipitliú nach bhfuil inmharthana ó thaobh an gheilleagair de nó nach bhfuil aon leas straitéiseach ag baint leo don phobal;

15. ag cur sonrú i bhforairdeall an Choimisiúin i dtaobh rialacha maidir le státchabhair a fhorfheidhmiú i réimse an chánachais agus á iarraidh ar an gCoimisiún a choinneáil airdeallach; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta roinnt cinntí a rinne an Coimisiún le déanaí i gcásanna ardphróifíle i réimse an chánachais a neamhniú; á iarraidh ar an gCoimisiún ceachtanna riachtanacha a bhaint ó na breithiúnais d'fhonn an baol go ndéanfaí neamhniú a íoslaghdú i gcásanna a bheidh ann amach anseo sa

réimse sin;

***Beartais mar fhreagairt ar phaindéim COVID 19***

16. ag tabhairt dá haire go ndearnadh athnuachan sé mhí ar an gcreat sealadach le haghaidh bearta státchabhrach, creat a bunaíodh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus atá ceaptha dlús a chur leis an téarnamh; ag cur béim ar an bhfíoras gurb é an chúis leis an athnuachan ná gur cuireadh fad le héifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 i roinnt príomhthionscal mar thoradh ar athraitheacha nua den víreas a tháinig chun cinn; á mheabhrú go bhforbraítear scéimeanna státchabhrach ar leibhéal na mBallstát, rud a d'fhéadfadh míchothrom iomaíochta a chruthú do na gnólachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair; ag tathant ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar aon iarmhairtí saofa den sórt sin; ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an ilroinnt a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht agus an ilroinnt sin a sheachaint;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tráthúil ar an gcreat sealadach státchabhrach a sholáthar a luaithe is féidir chun go mbeidh Parlaimint na hEorpa in ann díospóireacht pholaitiúil láidir agus bunaithe ar fhíricí a bheith aici agus ar mhaithe le hobair a dhéanfar amach anseo ar bheartas iomaíochta AE;

18. ag tabhairt dá haire gur feithiclí iomchuí iad na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRPanna) chun dlús a chur leis an téarnamh agus chun aghaidh a thabhairt ar athruithe struchtúracha sna geilleagair náisiúnta; á chreidiúint gur cheart déileáil le bearta státchabhrach atá mar chuid de NRRPanna ar bhealach solúbtha agus mar ábhar tosaíochta; á chur i bhfáth gur cheart aird ar leith a thabhairt ar infheistíochtaí a dhéantar faoi NRRPanna chun go bhféadfar rannpháirtíocht phríobháideach a fhorbairt sa mheántéarma; á mheabhrú nach mór do bhearta NRRP na ceanglais uile a leagtar amach faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a urramú[13], go háirithe na colúin ghlasa agus dhigiteacha;

19. á chur in iúl gur díol sásaimh di an mheastóireacht atá beartaithe ar na rialacha maidir le seirbhísí sláinte agus sóisialta lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI) chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na rialacha sin na cuspóirí atá leo agus go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm atá leo; á mheabhrú gur gá SGEI ar ardcháilíocht a sholáthar do shaoránaigh;

20. ag athdhearbhú go bhfuil sé bunriachtanach i gcónaí lamháil do státchabhair i gcomhthéacs SGEI ar mhaithe le marthanas roinnt pobal ar fud na hEorpa, go háirithe i gcomhthéacs tacaíocht stáit atá tiomnaithe do réigiúin scoite, iargúlta, nó forimeallacha san Aontas;

21. ag cur béim ar na deacrachtaí a chruthaigh an phaindéim i dtionscal fáilteachais an Aontais; ag aithint an chúnaimh atá dírithe ar an earnáil;

22. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go seolfadh an Coimisiún agus na Ballstáit treochlár i ndiaidh COVID-19 chun an tacaíocht phoiblí a sholáthraítear i bhfianaise

[13] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

phaindéim COVID-19 a chéimniú amach, ina mbeidh státchabhair neamhshaofa agus spriocdhírithe níos fearr ionas nach gcuirfear isteach ar théarnamh eacnamaíoch, ar iomaíochas agus ar fhás agus chun poist ardcháilíochta a áirithiú; á thabhairt chun suntais gur leithdháileadh méid suntasach státchabhrach chun tacú le gnólachtaí iarmhairtí na mbeart imshrianta paindéime a mhaolú; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá dinimic an mhargaidh inmheánaigh a mheas le linn an phróisis nuair a bheidh Ballstáit mhóra in ann níos mó státchabhrach a sholáthar ná Ballstáit bheaga, rud a d'fhéadfadh ilroinnt an mhargaidh aonair a bheith mar thoradh air;

23. ag tabhairt dá haire go raibh na bearta tacaíochta a deonaíodh le linn ghéarchéim COVID-19 neamhghnách agus riachtanach i bhfianaise na géarchéime sláinte agus eacnamaíche nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, ach nár cheart an leibhéal urghnách tacaíochta poiblí sin a bheith ar an ngnáthleibhéal nua;

24. á chur i bhfáth go bhfuil gá le treochlár tar éis COVID-19 FBManna ó limistéir thuaithe agus limistéir bheagfhorbartha a chur san áireamh, ar gá rochtain ar mhargaí níos leithne a sholáthar dóibh, agus deireadh a chur leis na fadhbanna spásúlachta a eascraíonn as míbhuntáistí geografacha, agus é mar aidhm tacaíocht chomhionann, deiseanna cothroma agus forbairt chothrom a sholáthar do FBManna den sórt sin ar fud an mhargaidh aonair;

***Beartas iomaíochta maidir leis an bhforfheidhmiú agus an domhandú***

25. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé iomaíochas chuideachtaí Eorpacha a chosaint i gcomhthéacs iomaíochta domhanda atá ag méadú, gach iarracht a dhéanamh cómhalartacht a bhaint amach, agus iomaíocht chothrom a áirithiú sa mhargadh aonair; ag tabhairt dá haire nach mór anailís a dhéanamh go cúramach ar an timpeallacht idirnáisiúnta agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an sainmhíniú ar an margadh ábhartha i gcásanna iomaíochta agus rialaithe cumasc; á iarraidh ar an gCoimisiún dearcadh cuimsitheach agus fadréimseach a fhorbairt maidir leis an margadh ábhartha chun deis a thabhairt do chuideachtaí Eorpacha dul in iomaíocht go héifeachtach ar bhonn domhanda; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cothrom iomaíochta ar an leibhéal domhanda;

26. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá idirphlé struchtúrtha domhanda agus comhar maidir le beartas iomaíochta a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le státchabhair;

27. á chur in iúl gur díol sásaimh di iarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar fhorfheidhmiú rialacha an mhargaidh aonair sa treoir maidir le tástáil chomhréireachta do ghairmeacha rialáilte[14] trí nósanna imeachta um shárú a thionscnamh; á iarraidh ar na Ballstáit an tástáil chomhréireachta a chur chun feidhme i gceart agus rialacha náisiúnta á bhforchur acu; á chur in iúl go láidir go bhféadfadh easpa cur chun feidhme cuí rialacha AE maidir le tástáil chomhréireachta tomhaltóirí a chur faoi mhíbhuntáiste i ndeireadh na dála i bhfoirm praghsanna iomarcacha, an bonn a bhaint d'fhorbairt

[14] Treoir (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le tástáil comhréireachta a dhéanamh sula nglacfar rialáil nua gairmeacha, IO L 173, 9.7.2018, lch. 25.

seirbhísí nuálacha nó fiú rochtain níos ísle ar sheirbhísí a bheith mar thoradh air;

28. á chur in iúl gur díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le fóirdheontais eachtracha agus é mar aidhm laghdú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh an margadh aonair a shaobhadh, an bhearna forfheidhmiúcháin a dhúnadh, leasa an Aontais a chosaint agus cothrom iomaíochta a thabhairt do chuideachtaí Eorpacha agus do na gnóthais uile atá gníomhach sa mhargadh inmheánach trí na hionstraimí faoi dhlí iomaíochta AE agus na príomhchodanna díobh a úsáid; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé creat rialála Eorpach a chur chun cinn lena spreagfar infheistíocht eachtrach agus gnó ó chuideachtaí idirnáisiúnta in AE;

29. á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh feidhm ag rialacha AE maidir le státchabhair i dtaca le gach cuideachta atá gníomhach sa mhargadh aonair; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas a bheith oscailte i gcónaí d'infheistíochtaí dhíreacha eachtracha agus ag tarraint aird ar bheartais spriocdhírithe agus ar infheistíochtaí spriocdhírithe chun poist a chur ar bun sa bhaile an athuair agus chun seachtrachtaí dearfacha sóisialta agus comhshaoil a chothú; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithnithe ar chumaisc, scagadh ar infheistíocht dhíreach eachtrach agus rialú um fhóirdheontais eachtracha a dhéanamh ar bhealach comhleanúnach;

30. ag tabhairt dá haire gur féidir le beartais agus bearta náisiúnta cánach tionchar a bheith acu ar bhailiú cánach i mBallstáit eile; ag athdhearbhú go bhféadfaí cánachas a úsáid uaireanta chun státchabhair indíreach a dheonú, rud a chruthódh míchothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach, agus á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur mhol an Coimisiún nach ndeonódh na Ballstáit tacaíocht airgeadais do chuideachtaí a bhfuil naisc acu le tearmainn chánach; á mheabhrú gur iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfaí dul i ngleic le héifeachtaí saofa a eascraíonn as rannpháirtíocht na dtairgeoirí a úsáideann tearmainn chánach chun cáin a sheachaint;

31. á mheabhrú go bhfuarthas amach san anailís eimpíreach a rinneadh do staidéar 2021 ó ECFE go bhféadfadh sé go raibh maoiniú níos ísle ná an margadh ag cur leis an gcumas iomarcach i roinnt earnálacha, agus gur cosúil freisin go bhfuil fóirdheontais comhghaolaithe go diúltach le táirgiúlacht dhaingean; ag tabhairt dá haire gur léiríodh imní shuntasach i dtorthaí ECFE freisin maidir le heaspa trédhearcachta i ndáil le maoiniú atá faoi bhun an mhargaidh; á chreidiúint gur cheart do AE díriú go héifeachtach ar iarmhairtí diúltacha na bhfóirdheontas eachtrach ar an margadh inmheánach, agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an rialáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear an t-ualach riaracháin agus rialála, frithbhearta agus an tionchar ar infheistíocht agus ar an bhfás;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den bheartas iomaíochta a fhorfheidhmiú go docht agus go neamhchlaonta agus gach iarracht a dhéanamh san am céanna leanúint ar aghaidh leis an idirphlé cuiditheach agus an comhar i dtaca le saincheisteanna teicneolaíocha agus eacnamaíocha a bhfuil tábhacht leo le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí atá ar aon intinn leis; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na húdaráis iomaíochta náisiúnta na margaí a chaomhnú agus cothrom iomaíochta a áirithiú le linn ráig COVID-19; ag cur béim ar an ról méadaithe atá acu i

gcúrsaí a bhaineann le geilleagar na n-ardán;

33. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur seoladh an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus an tIdirphlé Comhpháirteach maidir le Beartas Iomaíochta Teicneolaíochta, a mbeidh sé mar aidhm acu an caidreamh eacnamaíoch agus trasatlantach a dhoimhniú bunaithe ar luachanna coiteanna; ag tabhairt dá haire go bhfuil macasamhail an chlaochlaithe ar rialacha AE i leith cuideachtaí ardáin dhigitigh le fáil sna Stáit Aontaithe i bhfoirm tionscnaimh reachtacha inchomparáide agus imscrúduithe aonair;

34. á chur i bhfáth gur féidir le comhaontuithe comhair tiomnaithe le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad i réimse an bheartais iomaíochta rannchuidiú go fóinteach lena éifeachtacht agus ag aithint a thábhachtaí atá na húdaráis náisiúnta iomaíochta ó thaobh beartas iomaíochta AE a fhorfheidhmiú agus a áirithiú;

***Beartas iomaíochta agus státchabhair atá oiriúnach do na dúshláin nua***

35. á chur in iúl gur díol sásaimh di sainordú caibidlíochta Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha mar a glacadh sa seisiún iomlánach agus á chur i bhfáth go bhfuil Parlaimint na hEorpa sásta oibriú chun an chaibidlíocht maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha a thabhairt chun críche go pras agus chun go dtiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear na bearta rialála nua chun feidhme go réidh agus go pras, agus sineirgí á n-áirithiú agus aon fhorluí idir na bearta atá ann cheana agus na bearta atá ar na bacáin nó aon dúbláil orthu á seachaint aige san am céanna;

37. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na cúraimí rialála agus forfheidhmiúcháin a tharmligean go tapa agus ar bhealach trédhearcach laistigh dá chuid seirbhísí chun deireadh a chur le neamhéifeachtúlachtaí agus ualaí riaracháin; ag athdhearbhú go bhféadfadh rochtain theoranta ar shonraí ábhartha bac a chur ar iontráil rannpháirtithe ar an margadh; á chur i bhfáth go bhfuil an claochlú digiteach ag cur leis an ngá atá le forfheidhmiú an bheartais iomaíochta a oiriúnú; á chur i bhfáth gur gá saineolas sonrach maidir le saincheisteanna digiteacha a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha agus leormhaithe a leithdháileadh ar fhorfheidhmiú na hIonstraime um Margaí Digiteacha a eagrú; á chreidiúint gur cheart go mbainfeadh cásanna comhlántacha in aghaidh trustaí agus maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha, cibé acu ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, tairbhe a bhaint as sruth feabhsaithe comhordaithe agus forfheidhmithe tríd an ionstraim nua a oiriúnú don chreat iomaíochta atá ann faoi láthair;

38. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar thrédhearcacht an phróisis meastóireachta ar státchabhair, ar cheart go n-áireofaí leis réasúnaíocht shoiléir, tuairisc ar státchabhair, agus táscairí intomhaiste lena bhféadfaí faireachán agus meastóireacht *ex post* a dhéanamh; á chur i bhfios, dá bhrí sin, gur gá faireachán *ex post* a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na gcásanna státchabhrach a glacadh; á chreidiúint gur cheart

torthaí chéim an chomhairliúcháin a nochtadh freisin;

39. á chur in iúl gur díol sásaimh di an breithiúnas a thug Cúirt Ghinearálta AE[15] le déanaí, lena ndeimhnítear measúnú an Choimisiúin i ndáil le mí-úsáid cheannasachta ar an margadh agus ar cruthúnas é ar chur i bhfeidhm éifeachtach rialacha traidisiúnta iomaíochta AE i gcomhthéacs an gheilleagair dhigitigh agus ar sampla é den chur i bhfeidhm sin freisin, go háirithe maidir leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus idirghníomhú na n-ardán domhanda digiteach le cuideachtaí Eorpacha eile; ag cur sonrú sa phróiseas fada dlíthiúil a bhaineann le cásanna in aghaidh trustaí[16] agus ag dréim leis go gcuideoidh na huirlisí nua atá ar fáil faoin Ionstraim um Margaí Digiteacha le hiompar frithiomaíoch a réiteach ar bhonn níos tapa;

40. á chur in iúl gur díol sásaimh di an t-athbhreithniú ar ionstraimí dhlí iomaíochta AE mar a thugtar achoimre air i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021; á mheabhrú, áfach, nár cheart forbairt uirlisí nua, i gcás inar gá, ná úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí atá ann cheana a chur as an áireamh leis sin; á mheas gur cheart measúnuithe iomaíochta a oiriúnú d'fhorfheidhmiú bheartas iomaíochta AE agus do dhinimic an mhargaidh atá ag athrú;

41. á chur in iúl gur díol sásaimh di diongbháilteacht an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar théarmaí éagóracha chun tacú le trédhearcacht ó thaobh praghsanna de agus chun cleachtais tráchtála éagóracha agus neamhréasúnacha a sheachaint; ag tarraingt aird ar an méadú atá ag teacht ar líon na gcleachtas dúshaothraithe agus eisiatach, amhail féintosaíocht;

42. ag cur sonrú sna moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[17] gur cheart don Choimisiún cur chuige níos réamhghníomhaí a leanúint trí fhaisnéis ábhartha an mhargaidh a bhailiú agus a phróiseáil ar bhealach comhsheasmhach agus costéifeachtach agus cásanna a roghnú chun imscrúdú a dhéanamh orthu faoi chritéir atá ualaithe go soiléir, mar shampla trí chóras scórála a úsáid; ag leagan béim ar an ngá atá leis na rialacha nua, i gcomhréir leis na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, chun feabhas a chur ar thuairisciú thorthaí na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, seachas díriú ar thuairisciú na ngníomhaíochtaí;

43. á mheabhrú gur cheart glacadh le hiompar maidir le brabús a lorg agus nár cheart go gcuirfí ina leith go bhfuil sé frithiomaíoch gan cúiseanna oibiachtúla agus fíorasbhunaithe a bheith leis; á mheabhrú go bhfuil toirmeasc ar iompar frithiomaíoch agus nach bhfuil toirmeasc ar iompar hipiriomaíoch; á chur i bhfios nach foras leordhóthanach imní ann féin é go meallann tairiscint ar leith go leor tomhaltóirí mar gheall ar a háisiúlacht; á iarraidh ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir na hiompair sin chun críocha fhorfheidhmiú na ndlíthe in aghaidh trustaí;

44. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar na rialacha

[15] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet v an Coimisiún*, T-612/17, ECLI:EU:T:2021:763.
[16] *Ibid*.
[17] Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, *The Commission's EU merger control and antitrust proceedings: a need to scale up market oversight* [Imeachtaí an Choimisiúin um rialú cumasc agus in aghaidh trustaí in AE: an gá atá le huas-scálú ar mhaoirseacht margaidh], an 19 Samhain 2020.

maidir le státchabhair, a bhfuil sé mar aidhm leis comhsheasmhacht a áirithiú leis na prionsabail rialála sheanbhunaithe agus leis na cinn nua agus atá ábhartha maidir leis an dá aistriú;

45. á chur i bhfáth go ndéanann an Coimisiún meastóireacht ar chásanna maidir le státchabhair de réir an cháis agus á thabhairt chun suntais gur cheart feabhas a chur ar thrédhearcacht an phróisis meastóireachta ar chásanna maidir le státchabhair; ag aithint gur uirlis thábhachtach iad na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) i bhfianaise gur ann do chlistí margaidh soiléire agus dea-dhoiciméadaithe; ag athdhearbhú gur cheart, mar shlat tomhais, státchabhair a leithdháileadh ar IPCEInna a chaitheamh ar thaighde agus ar fhorbairt;

46. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar na codanna gaolmhara de Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER)[18];

47. ag cur sonrú i dtreoirlínte nua ón gCoimisiún i ndáil le rialacha maidir le státchabhair i réimse na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh (CEEAG) agus ina iarrachtaí chun treoirlínte 2014 a neartú agus iad a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus ag tacú le glacadh treoirlínte nua chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil a chothromú; ag áitiú go bhfuil státchabhair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ríthábhachtach chun cuspóirí aeráide, fuinnimh agus cosanta comhshaoil AE a bhaint amach, agus aistriú cóir á áirithiú ag an am céanna; ag dearbhú go bhfuil infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sna teicneolaíochtaí atá ag teastáil don aistriú glas tábhachtach chun an Dlí Aeráide Eorpach a chomhlíonadh, agus go háirithe maidir le réitigh nuálacha cheannródaíocha agus ardteicneolaíochtaí ábhartha a fhorbairt a bhfuil gá leo chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach; á chur i bhfáth go n-éileofar le leibhéal uaillmhéine an phacáiste ‘Oiriúnú do 55’ go bhfaighidh earnálacha áirithe sonracha méid áirithe tacaíochta poiblí chun an t-aistriú a sheasamh;

48. á iarraidh go dtabharfaí aird, leis na treoirlínte, orthu siúd atá ag fulaingt mar thoradh ar an méadú ar chostais fuinnimh, agus san am céanna go gcuimhneofaí ar an toradh cuilitheach a bheidh aige sin ar gheilleagar AE agus ar a iomaíochas seachtrach, agus ar an tionchar socheacnamaíoch a bheidh ag an ardú ar phraghas na n-earraí fuinnimh agus deiridh araon ar shaoránaigh AE;

49. á chur in iúl gur díol sásaimh di an chaibidil nua in CEEAG maidir le cúnamh chun gníomhaíochtaí guail, scealla ola agus móna a dhúnadh go luath; á chur i bhfios go láidir go bhfuil céimniú amach an ghuail ar cheann de na spreagthóirí is tábhachtaí den dícharbónú agus á mheabhrú an rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 inar iarr sí go dtabharfaí isteach coimircí soiléire maidir le céimniú amach breoslaí iontaise, agus go bhféadfadh dátaí éigeantacha dúnta a bheith ar áireamh sna coimircí sin; á mheabhrú, ina theannta sin, go luaitear sa rún sin nár cheart éifeachtaí glasála astaíochtaí gás ceaptha teasa ná cruthú sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh ar na rialacha maidir le státchabhair nó nár cheart na rialacha sin cur leo, agus á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán agus cur i bhfeidhm a dhéanamh, i gcás inar féidir, ar bhearta chun éifeachtaí glasála a sheachaint, ar bhealach atá go hiomlán i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Aontais, agus an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19, cruthú post in AE agus

[18] IO L 187, 26.6.2014, lch. 1.

iomaíochas á choimirciú ag an am céanna;

50. á chreidiúint go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí na straitéisí glasa agus digiteacha a phríomhshruthú chun tacú le haistriú AE; á iarraidh ar an gCoimisiún an cur chuige a chuimsiú sna coinníollacha a bheidh ann amach anseo le haghaidh státchabhrach trí mheasúnú a dhéanamh ar an Rialachán *de minimis*[19] ar dhul in éag dó; ag tabhairt dá haire go bhféadfaí athshúil a thabhairt ar na huasteorainneacha *de minimis*, agus na réaltachtaí eacnamaíocha atá os comhair na mBallstát á gcur san áireamh, agus na spriocanna atá le baint amach i réimsí an chomhshaoil, an fhuinnimh agus an aistrithe dhigitigh á n-aithint ag an am céanna;

51. á iarraidh go mbeifí cúramach agus tionscal aerlínte AE á chomhdhlúthú, i bhfianaise na méideanna ollmhóra státchabhrach a údaraíodh d'aerlínte áirithe AE, chun a áirithiú nach mbeidh aerlínte in ann iomaitheoirí beaga AE a dhíchur nó dul i gceannas orthu mar thoradh air sin;

52. ag tabhairt dá haire go bhfuil iliomad díoltóirí i roinnt margaí sonracha le haghaidh sonraí airgeadais, agus cé nach bhfuil sciar ceannasach den mhargadh ag aon cheann acu, go bhfuil an iomaíocht fós an-íseal; ag tabhairt dá haire gur léiríodh nach leor na bearta chun feabhas a chur ar an iomaíocht sa mhargadh sin;

53. ag aithint gur cheart acmhainní a leithdháiltear ar AS COMP an Choimisiúin a bheith fóirsteanach dá hualach oibre agus dá raon cúraimí; á mheas gur gá saineolas sonrach a áirithiú i gcomhthéacs an gheilleagair dhigitigh;

54. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an mheiteachruinne faoi réir creataí reachtacha ábhartha, amhail an creat príobháideachais agus cosanta sonraí, reachtaíocht dhigiteach agus an creat iomaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, a áirithiú go réamhghníomhach go bhfuil cuideachtaí agus eintitis atá ag obair ar an meiteachruinne agus sa mheiteachruinne ag cloí leis na creataí reachtacha thuasluaite;

55. á chur in iúl gur saoth léi na díoth-éadálacha níos luaithe a bhí lasmuigh de raon feidhme Rialachán CE maidir le Cumaisc[20];

***Cumaisc***

56. ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí an gealltanas a thug sé athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfógra uaidh maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha a bhaint amach chun críocha dlí iomaíochta AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil glao ar fhianaise seolta ag an gCoimisiún i dtaca le hathbhreithniú agus nuashonrú ar an bhfógra uaidh maidir le sainmhíniú ar mhargadh; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart an t-athbhreithniú sin a nuashonrú agus a chur in oiriúint chun an méadú ar an iomaíocht dhomhanda, staid na hiomaíochta amach anseo agus an dá aistriú a léiriú, lena n-áirítear saintréithe athraitheacha margaidh d'éiceachóras an mhargaidh dhigitigh,

[19] IO L 352, 24.12.2013, lch. 1.
[20] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

margaí iltaobhacha, an tábhacht a bhaineann le sonraí agus margaí praghais nialasaigh;

57. á mheabhrú gur foinse shuntasach cumhachta eacnamaíche agus giarála iad sonraí agus á mheas gur cheart tosca neamhairgeadaíochta a chur san áireamh agus margaí digiteacha á sainmhíniú;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar threoirlínte na gcumasc a athbhreithniú chun an dúshlán a bhaineann le hiomaíochas tionsclaíoch AE a chur san áireamh; á chur in iúl gur díol sásaimh di ról an Aonaid um Thosaíochtaí agus um Chomhordú Straitéiseach laistigh de AS COMP maidir le tarraingt ar shaineolas Ard-Stiúrthóireachtaí uile an Choimisiúin le linn imscrúdú a dhéanamh ag AS COMP ar chásanna; á chreidiúint go bhféadfaí saineolas an Choimisiúin ar straitéis thionsclaíoch agus earnála a neartú chun cuidiú le foirne imscrúdaithe AS COMP chun indéantacht agus iarmhairtí na leigheasanna maidir le tosaíochtaí an Choimisiúin a shainaithint;

59. ag aithint go rannchuidíonn Rialachán CE maidir le Cumaisc le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus á iarradh ar an gCoimisiún leanúint dá phríomhphrionsabail a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú;

60. ag cur béim ar an bhfíoras nach paraiméadar uilechuimsitheach é an praghas i gcónaí le haghaidh sainmhíniú margaidh sa gheilleagar digiteach; á thabhairt chun suntais go dtugtar rochtain do thomhaltóirí i margaí praghais nialasaigh ar tháirgí agus ar sheirbhísí mar mhalairt ar a gcuid sonraí agus, dá bharr sin, nochtar iad do phróifíliú agus d'fhógraíocht ina bhfuil feidhmiúlachtaí, amhail cáilíocht, príobháideachas, próiseáil sonraí agus aird, ina bparaiméadair níos oiriúnaí; á mheabhrú nach í an tástáil a bhaineann le praghsanna an t-aon mhodh atá ar fáil don Choimisiún agus an margadh táirgí ábhartha á shainiú aige;

61. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na modhanna teicneolaíocha agus bailiú na sonraí pearsanta atá ag teastáil do phearsantú ar líne agus d'idirdhealú praghais fairsing, go bhfuil siad ag forbairt go gasta agus gur deacair iad a bhrath; á mheabhrú go bhféadfaidh margaí ar líne, ardáin agus na meáin shóisialta anailísíocht sonraí agus teicnící próifílithe a úsáid chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na fógraíochta ar leibhéal na dtomhaltóirí aonair, rangú tairiscintí a phearsantú, nó praghsanna a athrú chun an costas a bhaineann le seirbhísí a chur in oiriúint do chustaiméirí aonair a léiriú;

62. ag athdhearbhú go bhfuil sonraí ríthábhachtach ó thaobh an mhargaidh dhigitigh de; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, an úsáid is fearr a bhaint as an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus tuilleadh tograí reachtacha a chur le chéile, ar an dul céanna leis an Ionstraim Sonraí;

63. ag aithint threoir an Choimisiúin maidir le gnéithe áirithe d'Airteagal 22 den Rialachán CE maidir le Cumaisc; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go bhféadfadh sé nach leor an tionscnamh sin chun an rialachán a chur in oiriúint do riachtanais na samhlacha gnó nua-aimseartha, amhail i dtaca le díoth-éadálacha a d'fhéadfadh an nuálaíocht a chur i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm praiticiúil a threorach a shoiléiriú chun a áirithiú go bhfuil sí soláimhsithe do na húdaráis náisiúnta agus do na páirtithe cumaisc araon;

64. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha maidir le cumaisc

agus éadáil sa mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a mheasúnú; á iarraidh, go háirithe, ar an gCoimisiún breithniú agus measúnú iomlán a dhéanamh ar shócmhainní sonraí pearsanta ar an gcaoi chéanna le sócmhainní fisiciúla traidisiúnta eile go léir nuair a chinntear cumaisc agus éadálacha digiteacha; ag tathant ar an gCoimisiún dearcadh níos leithne a ghlacadh agus meastóireacht á déanamh ar chumaisc dhigiteacha agus measúnú a dhéanamh ar thionchar an chomhchruinnithe sonraí; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh comhchruinniú rialaithe ar acmhainní luachmhara sonraí nach bhfuil in-mhacasamhlaithe teacht as spriocanna le hacmhainní sonraí sonracha a éadáil agus go bhféadfadh rochtain níos fearr ar shonraí a bheith mar thoradh air sin do pháirtithe cumaisc ná dá n-iomaitheoirí; á chur i bhfáth go bhféadfadh comhdhlúthú sonraí trí chumaisc ceannasacht a neartú nó lamháil don eintiteas éadála cumhacht mhargaidh a ghiaráil, agus go bhféadfadh sé imní foriaimh a ardú in amanna;

65. á iarraidh ar an gCoimisiún cur leis na tionscnaimh atá ann cheana chun comhoibriú a mhéadú idir rialtóirí in aghaidh trustaí agus rialtóirí príobháideachais sonraí chun mí-úsáid sonraí corparáideacha a rialú agus chun cuideachtaí a chosc ó shonraí tomhaltóirí a úsáid chun buntáiste iomaíoch éagórach a bhaint amach;

66. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé nach mbeadh na tairseacha láimhdeachais oiriúnach chun gach cás a bhrath ar cheart d'údaráis iomaíochta athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcásanna cumaisc;

67. á chur in iúl gur cheart go mbeadh na húdaráis náisiúnta in ann an fhaisnéis a fhaightear, mar thoradh ar Airteagal 12 den Ionstraim um Margaí Digiteacha a chur i bhfeidhm, a úsáid chun scrúdú ar chomhchruinniú a iarraidh de bhun Airteagal 22 den Rialachán maidir le Cumaisc;

*Imeachtaí in aghaidh trustaí agus cairtéil*

68. ag tacú le hathbhreithniú suntasach ar an gcóras atá ann faoi láthair maidir le comhaontuithe ingearacha, le mionathrú ar na rialacha tearmainn, agus le glacadh rialacha chun freastal ar riachtanais na ngnólachtaí ríomhthráchtála agus ardáin chun cosc a chur le srianta margaidh a thagann as éifeachtaí difriúla na gcomhaontuithe sin, agus ailíniú leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le margaí digiteacha a áirithiú san am céanna;

69. ag tabhairt dá haire, go háirithe, go bhfuil na himeachtaí in aghaidh trustaí rófhada le blianta beaga anuas, rud a chuireann moill ar chinntí a bhfuil géarghá leo agus a bhfuil, dá bharr sin, tionchar diúltach acu ar fhorfheidhmiú dhlí na hiomaíochta, go háirithe i gcás margaí digiteacha atá ag fás go tapa; á chur in iúl, dá bhrí sin, go bhfuil géarghá leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha, chomh maith le himeachtaí in aghaidh trustaí;

70. ag tabhairt dá haire gur oscail an Coimisiún imscrúduithe in aghaidh trustaí ar iompar frithiomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann in earnáil na teicneolaíochta fógraíochta ar líne; ag moladh go bhféadfadh an Coimisiún staidéar margaidh a dhéanamh ar an earnáil in AE chun saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an iomaíocht a imscrúdú;

71. ag tabhairt dá haire go dtiocfaidh méadú suntasach sna blianta amach romhainn ar

earnáil Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) ach ag aithint go bhfuil easnaimh ann fós san earnáil sin, amhail easpa idir-inoibritheachta, rud a d'fhéadfadh iomaíocht agus rogha tomhaltóirí a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís chríochnúil a ullmhú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar an margadh inmheánach, lena n-áirítear measúnú costais is tairbhe ar aon idirghabháil rialála; á chur in iúl gur díol sásaimh di an fiosrúchán earnála a rinne an Coimisiún ar IoT agus á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, i gcás inar gá, maidir le caighdeáin, iniomparthacht sonraí agus rochtain;

72. á chur in iúl gur cúis mhór imní di i gcónaí an comhchruinniú forleathan i slabhra talmhaíochta agus soláthair bia CE; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún anailís chríochnúil a dhéanamh go práinneach ar fhairsinge agus éifeacht comhghuaillaíochtaí ceannaigh, agus ar an gcaoi sin aird ar leith a dhíriú ar iomaíocht chóir agus ar níos mó trédhearcachta a ráthú i gcleachtais tráchtála slabhraí ollmhargaí agus hipearmhargaí, go háirithe i gcás ina ndéanann cleachtais den sórt sin difear do luach branda agus rogha táirgí nó ina gcuireann siad teorainn leis an nuálaíocht nó le hinchomparáideacht praghsanna;

73. ag tabhairt dá haire nach leor an t-oiriúnú a rinneadh ar an Rialachán Ingearach Blocdhíolúine (VBER)[21] agus ar na Treoirlínte Ingearacha gaolmhara[22] ó thaobh forbairtí margaidh le déanaí, go háirithe an fás atá tagtha ar dhíolacháin ar líne agus ar ardáin ar líne; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil an Coimisiún ag obair faoi láthair ar a thogra chun an rialachán agus na treoirlínte a oiriúnú ar bhealach níos fearr; ag thabhairt dá haire go bhfuil ábhair imní fós ann maidir le hearnáil na n-earraí marthanacha, ina bhfuil monaróirí ag dul i mbun iomaíocht dhíreach leis an ngréasán dáileacháin trí mhodhnú a dhéanamh ar théarmaí conarthacha an chaidrimh dáileacháin ingearaigh, agus go gcuirtear iad faoi bhuntáiste iomaíochta ar an gcaoi sin agus go ndéantar fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhrú amach as an margadh; á chur i bhfáth go bhfuil digitiú na hearnála earraí marthanacha ina ábhar imní freisin ó thaobh iomaíochta de; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear san áireamh in aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo mí-úsáid comhaontuithe um dháileadh roghnaitheach, lipéadú agus bearta eile chun ceannach, dáileadh agus athdhíol earraí thar theorainneacha a chosc;

74. á mheas go bhféadfadh an t-idirdhealú a dhéantar sna dréacht-treoirlínte don athbhreithniú ar VBER idir cothabháil praghsanna athdhíola, rud a shaobhann an margadh, agus an t-íosphraghas fógartha, rud a d'fhéadfaí a cheadú faoi imthosca agus coinníollacha áirithe, a bheith ina uirlis chun tacú le FBManna iomaíocht ionsaitheach ar phraghsanna sna margaí ar líne a sheasamh; á iarraidh ar an gCoimisiún, chun na críche sin, soiléiriú a thabhairt sna treoirlínte ar na coinníollacha nach ionann an t-íosphraghas fógartha agus cothabháil praghsanna athdhíola;

75. ag athdhearbhú a hiarrata go dtabharfadh an Coimisiún aghaidh ar an éifeacht fhrithiomaíoch atá ag srianta ar an soláthar críochach (TSCanna) d'fhonn margadh aonair lánfheidhmiúil a bhaint amach agus leas a bhaint as na tairbhí a d'fhéadfadh a

[21] Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe, IO L 102, 23.4.2010, lch. 1.
[22] IO C 130, 19.5.2010, lch. 1.

bheith ag baint leis do thomhaltóirí; ag athdhearbhú gur féidir le TSCanna teacht chun cinn trí chleachtais éagsúla, amhail diúltú soláthair, bagairt a dhéanamh deireadh a chur le soláthar do dháileoir ar leith, teorainn a chur leis na cainníochtaí atá ar fáil lena ndíol, difreáil neamhmhínithe a dhéanamh ar raonta táirgí agus ar phraghsanna idir na Ballstáit agus teorainn a chur le roghanna teanga le haghaidh pacáistiú táirgí;

76. á mheabhrú a hiarraidh roimhe seo ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi nó ar bhacainní eile ar dhíolacháin trasteorann ar líne atá fós ann, mar a sainaithníodh sa chéad athbhreithniú gearrthéarmach ar an Rialachán maidir le Geobhlocáil[23], agus deireadh a chur leis an ngeobhlocáil nó na bacainní sin; ag aithint gur seoladh an t-idirphlé leis na geallsealbhóirí sa chomhthéacs sin;

77. ag cur béim ar a thábhachtaí atá an comhar idir na húdaráis náisiúnta iomaíochta sa Ghréasán Eorpach Iomaíochta (ECN); á thabhairt chun suntais gur bunchloch de chuid na hIonstraime um Margaí Digiteacha, mar atá sí faoi láthair, a mhéid a rannchuidíonn siad leis an bhforfheidhmiú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1[24]; á chur in iúl gur díol sásaimh di trasuí Threoir (AE) 2019/1 isteach i ndlí náisiúnta sna Ballstáit, agus ar an gcaoi sin go dtugtar cumhacht d’údaráis iomaíochta náisiúnta a bheith ina bhfeidhmitheoirí níos éifeachtaí ar bheartas iomaíochta; ag cur béim ar an bhfíoras go mbeifear in ann rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr ar bhonn neamhspleách agus neamhchlaonta le cumais neartaithe na n-údarás iomaíochta náisiúnta maidir le himscrúdú agus cinnteoireacht, mar aon le leibhéil leordhóthanacha acmhainní daonna agus airgeadais; ag moladh go méadófaí cumas anailíseach na n-údarás iomaíochta náisiúnta chun cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na castachtaí a thagann chun cinn i bhforfheidhmiú dhlí na hiomaíochta i margaí digiteacha; ag moladh, thairis sin, go gcomhoibreodh na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus oibriú i dteannta a chéile le húdaráis inniúla eile chun cur chuige ildisciplíneach a ghlacadh maidir le forfheidhmiú neamh-chomhtháite a bhriseadh síos, ós rud é go bhféadfadh iompar frithiomaíoch tarlú i réimsí cosanta sonraí nó dlí tomhaltóirí freisin;

78. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas do na húdaráis náisiúnta maoirseachta agus iomaíochta, agus ag athdhearbhú go bhfuil gá ann, ar gá é atá ag síormhéadú, bealaí cumarsáide, faisnéise agus comhair níos éifeachtaí a áirithiú ar leibhéal an Aontais; ag cur béim ar an bhfíoras, i ndáil leis, gur gá na hacmhainní riachtanacha daonna, airgeadais agus teicneolaíochta a chur ar fáil do na húdaráis sin chun a gcúraimí a fheidhmiú i gceart; á thabhairt chun suntais, ar deireadh, a thábhachtaí atá sé na ceanglais is déine maidir le trédhearcacht agus neamhspleáchas a choimeád i dtaca le sainorduithe na n-údarás sin, ó na sásraí maidir le ceapadh go dtí na rialacha maidir le rochtain ar fhaisnéis;

79. á chur i bhfáth nach mór forfheidhmiú a bheith neamhspleách i gcónaí agus leas a bhaint as uirlisí scagtha atá oiriúnach don fheidhm agus as acmhainní daonna a bhfuil

---

[23] Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach, IO L 60 I, 2.3.2018, lch. 1.
[24] IO L 11, 14.1.2019, lch. 3.

na cáilíochtaí iomchuí acu, chun déileáil go héifeachtúil le líon na gcásanna atá ag dul i méid agus le cineálacha cásanna atá níos dúshlánaí;

80. á mheabhrú nárbh fhéidir grinnanailís a dhéanamh ar Threoir 2014/104/AE[25] de dheasca moill a bheith ar an trasuí agus easpa faisnéis ábhartha maidir leis na cásanna breithiúnacha; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar sin féin, faireachán a dhéanamh go leanúnach ar chur chun feidhme na treorach agus torthaí na hanailíse a fhoilsiú;

81. á mheas gur cheart go mbeadh ról gníomhach ag an bParlaimint sa díospóireacht pholaitiúil ar bheartas iomaíochta; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh Parlaimint na hEorpa níos rannpháirtí mar bhreathnóir i ngníomhachtaí na meithleacha agus na sainghrúpaí, amhail an Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (LII) agus ECFE, chun níos mó eolais a fháil sa réimse agus chun go mbeadh sí cothrom le dáta i dtaobh forbairtí chun go mbeadh sí níos ullmhaithe dá ról mar chomhreachtóir; á chur i bhfáth gur cheart don Pharlaimint a bheith rannpháirteach i Seachtainí um Iomaíocht AE agus i gcruinnithe eile a dtugtar cuireadh d’ionadaithe na mBallstát chucu; ag tabhairt dá haire gur dóigh úsáideach í an Mheitheal um Iomaíocht chun malartuithe idir Parlaimint na hEorpa agus AS COMP a chothú;

82. ag cáineadh ionsaitheacht gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur díol sásaimh di na bearta urghnácha atá á gcur i bhfeidhm ag AE chun cabhrú le muintir na hÚcráine; ag tacú le bearta atá dírithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar ghnólachtaí a chabhraíonn le dídeanaithe teitheadh chuig an Aontas ó thíortha atá thíos le cogadh;

83. á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid agus, más iomchuí, leas a bhaint as an tsolúbthacht is gá i gcreat státchabhrach AE chun cur ar chumas na mBallstát tacaíocht a thabhairt do na cuideachtaí agus do na hearnálacha is mó atá thíos le hionsaitheacht mhíleata leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar cuideachtaí agus gnólachtaí iad a ndéanfar dochar dóibh leis na smachtbhannaí arna bhforchur ar an Rúis;

°

° °

84. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát agus chuig údaráis iomaíochta naisiúnta agus, i gcás in arb iomchuí, réigiúnacha na mBallstát.

[25] IO L 349, 5.12.2014, lch. 1.

1.3.2022

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an mbeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2021
(2021/2185(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Andrea Caroppo

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú go bhfuil an beartas iomaíochta ríthábhachtach chun feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a neartú agus a áirithiú sa mhéid is go soláthraíonn sé páirc imeartha chothrom do rannpháirtithe uile an mhargaidh – go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) – saobhadh na hiomaíochta, cuireann sé ar chumas gnólachtaí nuálacha fás agus ráthaítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, praghsanna níos ísle, cáilíocht níos fearr agus níos mó rogha idir soláthraithe agus táirgí; á chur i bhfios ina theannta sin nach mór leas tomhaltóirí a bheith ina phríomhchuspóir i gcónaí don bheartas iomaíochta agus nár cheart neamhaird a dhéanamh ar sheachtrachtaí diúltacha a bhaineann le cineálacha áirithe táirgthe;

2. á chur i bhfios gur cheart go gcuirfeadh rialacha iomaíochta AE le cuspóirí an Aontais mar a shainítear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á mheas nár cheart go gcuirfeadh rialacha iomaíochta bac ar spriocanna inbhuanaitheachta ach go gcuirfeadh siad le spriocanna inbhuanaitheachta; á chur i bhfios go láidir gur cheart go n-oibreodh rialacha iomaíochta agus beartais inbhuanaitheachta le chéile; á chur in iúl gur díol sásaimh di cur chuige an Choimisiúin ar dá réir a d’fhéadfadh cúnamh Stáit, forfheidhmiú in aghaidh trustaí agus rialú cumaisc cur le cuspóirí an Mhargaidh Eorpaigh Ghlais agus Chomhaontú Pháras; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, an ról tábhachtach atá ag earnáil na seirbhísí maidir le haistriú chuig geilleagar ciorclach agus maidir leis na cuspóirí sin a chur chun feidhme;

3. á chur in iúl gur díol sásaimh di na moltaí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) 2021 maidir le neodracht iomaíoch agus iarrann sí ar an gCoimisiún neodracht iomaíoch a choinneáil i dtimpeallacht rialála an mhargaidh inmheánaigh;

4. á chur in iúl gur díol sásaimh di an próiseas a sheol an Coimisiún chun machnamh a dhéanamh ar an ról a d’fhéadfadh a bheith ag an mbeartas iomaíochta chun tacú leis na

haistrithe glasa agus digiteacha, mar aon le straitéis tionsclaíochta an Aontais; á chur in iúl i ndáil leis an méid sin gur glacadh na treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022[1] i mí na Nollag 2021;

### *Iomaíocht a fheabhsú in earnáil na seirbhísí*

5. á mheabhrú gurb ionann seirbhísí agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch is mó in AE ó thaobh oll-bhreisluacha de agus go bhfuil an margadh aonair do sheirbhísí go mór taobh thiar den mhargadh aonair le haghaidh earraí; á thabhairt chun suntais gur gá aghaidh a thabhairt ar na bacainní nach bhfuil údar leo atá fós ann i ndáil le forbairt an mhargaidh aonair do sheirbhísí, lena n-áirítear trí rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú; á chur in iúl gur díol sásaimh di, sa chomhthéacs sin, an Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Rialáil Baile Seirbhísí, a ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Trádála d'fhonn an rómhaorlathas i dtrádáil seirbhísí a laghdú;

6. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI) a bheith faoi réir rialacha sonracha chun rochtain na saoránach ar sheirbhísí poiblí bunúsacha a chosaint; ag cur sonrú sa mheasúnú leanúnach ón gCoimisiún ar na rialacha sin maidir le cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta; ag athdhearbhú a hiarraidh ar an gCoimisiún sainmhíniú an spriocghrúpa ar thithíocht shóisialta a oiriúnú sna rialacha maidir le SGEIanna;

7. á chur in iúl gur cheart do thograí reachtacha a bheith bunaithe ar ghnéithe éagsúla amhail sonraí agus dea-chleachtais; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair ar an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoin Treoir um Sheirbhísí[2], rud a d'fhéadfaí a fheabhsú;

8. á chur in iúl gur díol sásaimh di iarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar fhorfheidhmiú rialacha an mhargaidh aonair sa Treoir maidir le tástáil chomhréireachta do ghairmeacha rialáilte[3] trí nósanna imeachta um shárú a thionscnamh; á iarraidh ar na Ballstáit an tástáil chomhréireachta a chur chun feidhme i gceart agus rialacha náisiúnta á bhforchur acu; á chur in iúl go láidir go bhféadfadh easpa cur chun feidhme cuí rialacha AE maidir le tástáil chomhréireachta tomhaltóirí a chur faoi mhíbhuntáiste i ndeireadh na dála i bhfoirm praghsanna iomarcacha, an bonn a bhaint d'fhorbairt seirbhísí nuálacha nó fiú rochtain níos ísle ar sheirbhísí a bheith mar thoradh air;

### *Rialacha iomaíochta sa mhargadh aonair digiteach*

9. á mheabhrú a thábhachtaí atá margadh aonair digiteach an Aontais chun cuideachtaí teicneolaíochta a chumasú chun teacht ar chustaiméirí nua go héasca agus chun dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta;

10. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé rialáil éifeachtúil na margaí digiteacha a áirithiú agus aibhsíonn sí, sa chomhthéacs sin, an chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir leis

---

[1] IO C 80, 18.2.2022, lch. 1.
[2] Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach. IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.
[3] Treoir (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le tástáil comhréireachta a dhéanamh sula nglacfar rialáil nua gairmeacha. IO L 173, 9.7.2018, lch. 25.

an nGníomh um Margaí Digiteacha[4]; ag tabhairt dá haire maidir leis sin go bhfuil sé mar aidhm le hidirghabháil rialála *ex ante* aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i bhforfheidhmiú dlí na hiomaíochta *ex post*; á chur i bhfios go láidir nach mór cearta tomhaltóirí agus leas na dtomhaltóirí a chaomhnú agus, más féidir, a neartú ar líne agus as líne araon;

11. á mheabhrú gur foinse mhór cumhachta eacnamaíche agus giarála iad na sonraí; á chur in iúl gur díol sásaimh di an mheastóireacht ar an bhfógra maidir le sainmhíniú ar an margadh chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar mhargaí digiteacha agus measann sí gur cheart fachtóirí neamhairgeadaíochta a chur san áireamh agus margaí digiteacha á sainmhíniú;

12. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé go mbeadh rochtain ag gníomhaithe digiteacha níos mó ar mhéideanna móra comhchruinnithe sonraí, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar iomaíocht le gníomhaithe beaga; á iarraidh ar an gCoimisiún an toisc sin a chur san áireamh agus suíomhanna ceannasacha sna margaí á measúnú aige;

13. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé dul ar aghaidh go pras leis an gcaibidlíocht maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha[5] chun comhchuibhiú mhargadh aonair digiteach an Aontais a áirithiú agus chun bacainní ar thrádáil a sheachaint;

***Éadálacha maraithe***

14. á chur i bhfios go láidir gur cheart do ghníomhaithe ceannasacha sa mhargadh aonair, lena n-áirítear margaí digiteacha, a chur san áireamh i rialacha rialaithe cumaisc 'fálacha scileanna' mar a thugtar orthu; á chur in iúl gur díol sásaimh di an Treoir ón gCoimisiún maidir leis an sásra tarchuir a leagtar amach in Airteagal 22 den Rialachán maidir le Cumaisc a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí áirithe cásanna[6], arb é is aidhm dóibh an lúb ar lár a bhaineann le héadálacha maraithe i rialú cumaisc a dhúnadh; á chur i bhfios go bhféadfadh éadálacha maraithe difear a dhéanamh d'iomaíocht agus do chothroime an mhargaidh aonair dhigitigh agus go bhféadfadh éifeacht dhochrach a bheith acu ar rogha an tomhaltóra; á chur i bhfios i ndáil leis sin a thábhachtaí atá an DMA maidir le héadálacha a dhéanann cuideachtaí a ainmnítear mar 'gabhálaithe' a chosc, a mharú agus freisin gur cheart rialú cumaisc a mheas le rialacha an Rialacháin maidir le Cumaisc[7]; ag aontú gur cheart go gcuirfí san áireamh, leis an mbeartas is fearr is féidir, an tionchar atá aige ar rátaí nuálaíochta;

15. á thabhairt dá haire go dtiocfaidh méadú suntasach sna blianta amach romhainn ar earnáil Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) ach ag aithint go bhfuil easnaimh ann fós san earnáil sin, amhail easpa idir-inoibritheachta, rud a d'fhéadfadh iomaíocht agus rogha tomhaltóirí a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís chríochnúil a ullmhú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar an margadh inmheánach, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe ar aon idirghabháil rialála; á chur in iúl gur geal léi an fiosrúchán a

[4] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha). COM(2020)0842.
[5] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha). COM(2020)0825.
[6] IO C 113, 31.3.2021, lch. 1.
[7] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE). IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

rinne an Coimisiún ar IoT agus á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh maidir le caighdeáin, iniomparthacht sonraí agus rochtain;

16. á thabhairt dá haire nach leor an t-oiriúnú a rinneadh ar an Rialachán Ingearach Blocdhíolúine (VBER)[8] agus ar na Treoirlínte Ingearacha gaolmhara[9] ó thaobh forbairtí margaidh le déanaí, go háirithe an fás atá tagtha ar dhíolacháin ar líne agus ar ardáin ar líne; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil an Coimisiún ag obair faoi láthair ar a thogra chun an Rialachán agus na Treoirlínte a oiriúnú ar bhealach níos fearr; á thabhairt dá haire go bhfuil ábhair imní fós ann maidir le hearnáil na n-earraí marthanacha, ina bhfuil monaróirí ag dul i mbun iomaíocht dhíreach leis an ngréasán dáileacháin trí mhodhnú a dhéanamh ar théarmaí conarthacha an chaidrimh dáileacháin ingearaigh, agus go gcuirtear iad faoi bhuntáiste iomaíochta ar an gcaoi sin agus go ndéantar fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhrú amach as an margadh; á chur in iúl go láidir go bhfuil digitiú na hearnála earraí marthanacha ina n-ábhar imní freisin ó thaobh iomaíochta de; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear san áireamh in aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo mí-úsáid comhaontuithe um dháileadh roghnaitheach, lipéadú agus bearta eile chun ceannach, dáileadh agus athdhíol earraí thar theorainneacha a chosc;

17. á mheas go bhféadfadh an t-idirdhealú a dhéantar sna dréacht-treoirlínte don athbhreithniú ar RBER idir cothabháil praghsanna athdhíola, lena saobhtar an margadh, agus an t-íosphraghas fógartha (MAP), a d'fhéadfaí a cheadú faoi imthosca agus coinníollacha áirithe, a bheith ina uirlis chun tacú le FBManna iomaíocht ionsaitheach ar phraghsanna sna margaí ar líne a sheasamh; á iarraidh ar an gCoimisiún, chun na críche sin, na coinníollacha nach ionann agus RPM a shoiléiriú sna treoirlínte;

18. á chur i bhfios, thairis sin, gur gá forálacha Rialachán na Blocdhíolúine Ginearálta***[10]*** (GBER) a ailíniú le cuspóirí beartais an AE chun comhleanúnachas beartais a áirithiú; á chur in iúl gur díol sásaimh di go n-aithnítear leis an dréacht athbhreithnithe GBER tuilleadh fuinnimh in-athnuaite agus bearta cosanta bithéagsúlachta; á chur in iúl, áfach, gur cheart critéir agus spriocanna atá soiléir, docht agus in-fhorfheidhmithe a leagan síos chun státchabhair do hidrigin ísealcharbóin a cheadú;

19. ag athdhearbhú a hiarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an éifeacht fhrithiomaíoch atá ag srianta ar an soláthar críochach (TSCanna) d'fhonn margadh aonair lánfheidhmiúil agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis a bhaint amach do thomhaltóirí; ag athdhearbhú gur féidir le TSCanna teacht chun cinn trí chleachtais éagsúla amhail: soláthar a dhiúltú, a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt deireadh a chur le soláthar do dháileoir ar leith, teorainn a chur leis na cainníochtaí atá ar fáil lena ndíol, difreáil neamhmhínithe a dhéanamh ar raonta táirgí agus ar phraghsanna idir na Ballstáit, nó teorainn a chur le roghanna teanga le haghaidh pacáistiú táirgí;

---

[8] Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe. IO L 102, 23.4.2010, lch. 1.

[9] IO C 130, 19.5.2010, lch. 1.

[10] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. IO L 187, 26.6.2014, lch. 1.

20. á mheabhrú a hiarraidh roimhe seo ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus bacainní eile ar dhíolacháin trasteorann ar líne atá fós ann mar a sainaithníodh sa chéad athbhreithniú gearrthéarmach ar an Rialachán maidir le geobhlocáil[11], agus deireadh a chur leis an ngeobhlocáil sin; á aithint sa chomhthéacs sin seoladh an idirphlé leis na geallsealbhóirí;

***Státchabhair***

21. ag cur suntas i dtionchar leanúnach phaindéim COVID-19 ar gheilleagar AE agus sna rioscaí agus sna deiseanna a chruthaíonn sé don mhargadh inmheánach; á chur in iúl gur díol sásaimh di an cinneadh ón gCoimisiún síneadh a chur leis an gcreat sealadach do státchabhair go dtí an 30 Meitheamh 2022; á chur i bhfios go láidir cineál sealadach na mbeart sin agus nach mór na cosaintí is gá chun cothrom iomaíochta sa Mhargadh Aonair a chaomhnú a chur san áireamh, cé nár cheart go gcruthódh na bearta sin éifeachtaí aille; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil na bearta comhréireach leis na riachtanais iarbhír, amhail iomaíochas a chur chun cinn agus poist a chosaint, agus nach n-ardaítear cearta tomhaltóirí leo; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí síneadh a chur leis na bearta sin go dtí go mbeidh téarnamh láidir gheilleagar na hEorpa deimhnithe le fianaise láidir;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar thrédhearcacht an phróisis meastóireachta ar státchabhair, ar cheart go n-áireofaí leis réasúnaíocht shoiléir, tuairisc ar státchabhair, agus táscairí intomhaiste lena bhféadfaí faireachán agus meastóireacht a dhéanamh *ex post*; á chur i bhfios, dá bhrí sin, gur gá faireachán *ex post* a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na gcásanna státchabhrach a glacadh; á chreidiúint gur cheart torthaí chéim an chomhairliúcháin a nochtadh freisin;

23. ag leagan béim ar thionchar rialuithe teorann i ngeall ar phaindéim COVID-19, ach freisin ar thionchar na rialuithe ag teorainneacha náisiúnta na mBallstát nach bhfuil i limistéar Schengen, ar shaorghluaiseacht táirgí, agus ar na rioscaí agus na baic a chruthaíonn siad don iomaíocht, go háirithe do FBManna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís a dhéanamh ar an staid, deireadh a chur le haon bhacainní agus an margadh aonair a chomhlánú;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di iarrachtaí an Choimisiúin chun faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit agus chun cuidiú leo ina n-iarrachtaí an Treoir ECN+[12] a ionchorprú sa dlí náisiúnta agus áitíonn sí ar an gCoimisiún ról Líonra Eorpach na Lárionad Tomhaltóirí (ECC-Net) a neartú tuilleadh; ag athdhearbhú a hiarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar cibé an bhfuil gá le húdarás tomhaltóirí AE;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha iomaíochta a oiriúnú agus a bhforghníomhú a áirithiú san earnáil fuinnimh chun gnóthú an Aontais Fuinnimh a éascú, chun gníomhaithe Eorpacha a chur chun cinn agus chun slándáil agus athléimneacht

---

[11] Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach. IO L 60 I, 2.3.2018, lch. 1.

[12] Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. IO L 11, 14.1.2019, lch. 3.

soláthairtí fuinnimh san Aontas Eorpach a chosaint, rud a laghdódh luaineacht praghsanna agus a chomhrac. an t-ardú i bpraghsanna fuinnimh, arb ionann é agus sciar suntasach den mhéadú ar an ráta boilscithe;; á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú in earnáil an fhuinnimh, agus cuspóirí an Mhargaidh Ghlas á gcur san áireamh, d'fhonn cothrom iomaíochta a chruthú do na teicneolaíochtaí agus na nuálaíochtaí éagsúla in earnáil an fhuinnimh;

***Freagairt an AE ar fhóirdheontais eachtracha***

26. ag cur sonrú sa tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le fóirdheontais eachtracha a shaobhann margadh inmheánach AE agus á chur in iúl gur geal léi an rialachán beartaithe maidir le fóirdheontais eachtracha[13], atá ábhartha i gcásanna, mar shampla, ina bhfuil sé ar intinn ag cuideachta a fhaigheann fóirdheontas a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair phoiblí AE. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh cuideachtaí neamh-AE a bhaineann tairbhe as státchabhair nó fóirdheontais eile an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh agus leibhéal na seirbhísí agus na caighdeáin cosanta do thomhaltóirí a lagú; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, rochtain chothrom ar an margadh agus cothrom iomaíochta a áirithiú i ngach earnáil lena mbaineann, lena n-áirítear eitlíocht;

27. ag cur a himní in iúl maidir le bearta frithbhirt i gcoinne cuideachtaí AE ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear an baol go ndéanfaí an prionsabal frith-fhóirdheontais atá dírithe ar chuideachtaí AE, mar shampla i soláthar poiblí, a mhacasamhlú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé táscairí agus nósanna imeachta imscrúdaithe atá trédhearcach agus intomhaiste a chruthú chun creat soiléir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht shaofa fóirdheontas eachtrach;

28. á mheabhrú go bhfuarthas amach san anailís eimpíreach a rinneadh do staidéar 2021 ó ECFE go bhféadfadh sé go raibh maoiniú níos ísle ná an margadh ag cur leis an gcumas iomarcach i roinnt earnálacha, agus go ndealraíonn sé freisin go bhfuil fóirdheontais comhchoibhneas diúltach le táirgiúlacht dhaingean; ag tabhairt dá haire gur léiríodh imní shuntasach i dtorthaí ECFE freisin maidir le heaspa trédhearcachta i ndáil le maoiniú atá faoi bhun an mhargaidh; á chreidiúint gur cheart do AE díriú go héifeachtach ar iarmhairtí diúltacha na bhfóirdheontas eachtrach ar an margadh inmheánach, agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an rialáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear an t-ualach riaracháin agus rialála, bearta frithbhirt agus an tionchar ar infheistíocht agus ar an bhfás;

***Beartas iomaíochta agus rialacha forfheidhmiúcháin a athbhreithniú***

29. ag cur sonrú sna moltaí ón gCúirt Iniúchóirí[14] gur cheart don Choimisiún, cur chuige níos réamhghníomhaí a leanúint trí fhaisnéis ábhartha an mhargaidh a bhailiú agus a phróiseáil ar bhealach comhsheasmhach costéifeachtach agus cásanna a roghnú faoi chritéir atá ualaithe go soiléir, mar shampla trí chóras scórála a úsáid; ag leagan béim ar an ngá atá leis na rialacha nua, i gcomhréir leis na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa,

[13] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach. COM(2021)0223.
[14] Tuarascáil Speisialta 24/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal '*The Commission's EU merger control and antitrust proceedings: a need to scale up market oversight*', an 19 Samhain 2020.

chun feabhas a chur ar thuairisciú thorthaí na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, seachas díriú ar thuairisciú na ngníomhaíochtaí;

30. ag áitiú ar an gCoimisiún meastóireacht *ex post* a dhéanamh ar a chinntí forfheidhmithe, lena n-áirítear tionchar na bhfíneálacha agus na smachtbhannaí a thugtar maidir le hiompar frithiomaíoch sa mhargadh inmheánach, an raibh siad éifeachtach agus ar baineadh amach na torthaí a beartaíodh leo;

31. ag meabhrú gur cheart glacadh le hiompraíocht maidir le brabús a lorg agus nár cheart go gcuirfí ina leith go bhfuil sé frithiomaíoch ar chúiseanna oibiachtúla, fíorasbhunaithe; ag meabhrú go bhfuil cosc ar iompraíocht fhrithiomaíoch agus nach bhfuil iompraíocht hipiriomaíoch; ag cur in iúl nach leor ann féin é ar ábhar imní é an tairiscint ar leith a mheallann go leor tomhaltóirí mar gheall ar a háisiúlacht; á iarraidh ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir na hiompraíochta sin chun críocha fhorfheidhmiú na ndlíthe in aghaidh trustaí;

32. ag tabhairt dá haire gur sa tSín a bhí 2.3 % den gheilleagar domhanda in 1980, 21.3 % agus beagnach 26 % de na 27 mBallstát; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh 18.3 % bainte amach ag an tSín in 2020, gur thit na Stáit Aontaithe go 15 8 % agus go 15 % san Aontas; á chur i bhfios nach féidir leis an AE a bheith ag súil le feabhas a chur ar chúram sláinte, oideachas, taighde nó cosaint an chomhshaoil ar an margadh inmheánach gan fás eacnamaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na príomheasnaimh sa bheartas iomaíochta, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag ualaí riaracháin iomarcacha agus an easpa deimhneachta dlíthiúla agus bearta caomhnaitheacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

33. ag cur in iúl gurb oth léi go bhfuil líon na míbheanna san AE teoranta i gcomparáid le réigiúin nó tíortha forbartha eile; ag áitiú ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an timpeallacht rialála sna tíortha is rathúla agus dea-chleachtais a fhoilsiú; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh athruithe a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar an mbeartas iomaíochta sa mhargadh inmheánach chun timpeallacht níos fabhraí a chruthú do chuideachtaí, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, fiontraithe agus nuálaithe;

34. á mheabhrú an tuarascáil ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta in 2021 maidir le hiomaíocht, nuálaíocht agus fás cuimsitheach, ina luaitear go bhfuil iomaíocht agus fás atá dírithe ar nuálaíocht ríthábhachtach chun dlús a chur le gnóthachain táirgiúlachta agus chun tacú leis an bhfás leathan; ag tabhairt dá haire go luaitear sa tuarascáil freisin go bhféadfadh beartais chun tacú leis an nuálaíocht feabhas a chur ar an dinimiceas gnó agus cumhacht an mhargaidh a laghdú.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.2.2022 |
| **Toradh an vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Brando Benifei, Markus Buchheit, Andrea Caroppo, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Marc Angel, Marco Campomenosi, Malte Gallée, Francisco Guerreiro, Barbara Thaler, Kosma Złotowski |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 38 | + |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca, Kosma Złotowski |
| ID | Marco Campomenosi |
| PPE | Andrea Caroppo, Deirdre Clune, Krzysztof Hetman, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Barbara Thaler, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Morten Løkkegaard, Róża Thun und Hohenstein, Marco Zullo |
| S&D | Alex Agius Saliba, Clara Aguilera, Marc Angel, Brando Benifei, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Malte Gallée, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Miroslav Radačovský |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.3.2022 |
| **Toradh an vótála críochnaithí** | +: 45<br>–: 5<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Gunnar Beck, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Raffaele Fitto, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Luis Garicano, Valentino Grant, Claude Gruffat, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Karima Delli, Maximilian Krah, Chris MacManus, Andreas Schwab, Linea Søgaard-Lidell |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 45 | + |
|---|---|
| ID | Valentino Grant |
| NI | Enikő Győri |
| PPE | Isabel Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Andreas Schwab, Ralf Seekatz, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Carlo Calenda, Engin Eroglu, Luis Garicano, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Dragoş Pîslaru, Linea Søgaard-Lidell, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, Costas Mavrides, Csaba Molnár, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Karima Delli, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Ernest Urtasun |

| 5 | - |
|---|---|
| ID | Gunnar Beck, Maximilian Krah |
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |
| The Left | Manon Aubry, Chris MacManus |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ECR | Raffaele Fitto, Michiel Hoogeveen, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle |
| ID | France Jamet, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh